Creatlach don Chomhoibriú

Comhaontú idir an Chomhairle Ealaíon agus an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach

Ag obair as lámha a cheile le taithí mhaith sna h-ealaíne a thabhairt do chuile dhuine

An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
D02 NY52

Guthán: 00 353 1 6180200
Glao sábhála: 1850 392492
Ríomhphost: info@artscouncil.ie
Suíomh Gréasáin: http://www.artscouncil.ie/home/

Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

An Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
An Oifig Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Teach an Rialtais Áitiúil
35–39 Cé Uiséir
Baile Átha Cliath 8
D08 XKP7

Guthán: 00 353 1 6332200
Ríomhphost: olam@lgma.ie
Suíomh Gréasáin: http://www.lgcsb.ie/en/CCMA

ISBN: 978-1-904291-53-4

Creidimid go rannchuidíonn na healaíona go díreach, toisc go gcuimsítear éagsúlacht mhór d'eispéireas an duine iontu ar bhealaí éagsúla, chun pobail dhaingne agus inbhuanaithe a thógáil agus chun cáilíocht na beatha a fheabhsú.

Trickster le Jez Colborne i gcomhar le That's Life agus Mind the Gap, an Dubhlann, Amharclann na Cathrach, Gaillimh, 2014. Arna choimisiúnú faoi IGNITE, comhpháirtíocht chruthaitheach idir an Chomhairle Ealaíon, Arts & Disability Ireland, agus ceithre údarás áitiúla. Grianghrafadóir: Reg Gordon.

Nádúr an chomhaontú

Is comhaontú é seo idir an Chomhairle Ealaíon agus an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach. Dírítear sa chomhaontú ar aird a tharraingt ar thairbhe na comhpháirtíochta straitéisí 30 bliain idir an Chomhairle Ealaíon agus údaráis áitiúla ar fud na tíre agus soiléiriú a thabhairt maidir le staid reatha na comhpháirtíochta sin, agus freisin fís agus spriocanna leathana a leagan amach maidir leis an méid is féidir linn a bhaint amach le chéile sna deich mbliana seo romhainn. Forbraíodh é trí phróiseas comhoibrithe lena raibh baint ag gníomhairí lárnacha sa rialtas áitiúil agus sa Chomhairle Ealaíon. Feidhm eile atá ag an gcomhaontú ná creat a sholáthar trína mbeifear in ann comhaontuithe, tuiscintí agus caidreamh oibre idir an Chomhairle Ealaíon agus údaráis áitiúla aonair a chur i gcrích ar mhaithe leis an dá thaobh agus leis an bpobal i gcoitinne.

Na páirtithe sa chomhaontú

Is í an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as na healaíona in Éirinn a fhorbairt agus a chur chun cinn. Oibríonn sí i gcomhpháirt le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon, le lucht déanta beartas poiblí agus le daoine eile chun áit lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann.

Is é an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach "glór ionadaíoch" an líonra bainistíochta rialtais áitiúil. Is comhlacht neamhreachtúil é a oibríonn lena chinntiú go mbíonn tionchar ag Príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm beartas iomchuí.

Comhthéacs / cúlra

Socraíodh an chéad chomhaontú foirmiúil idir an Chomhairle Ealaíon agus údarás áitiúil deich mbliana fichead ó shin i 1985 nuair a ceapadh an chéad oifigeach ealaíon contae i gContae an Chláir. Tá athrú thar cuimse tagtha ar thírdhreach ealaíon na hÉireann ó shin i leith, agus bonneagar ealaíon náisiúnta saibhir agus éagsúil againn anois a fhaigheann tacaíocht ón rialtas náisiúnta agus áitiúil araon. Gné lárnach den fhorbairt sin is ea go bhfuil an fhreagracht as beartas ealaíon, as pleanáil agus as cur i bhfeidhm comhtháite in éiteas agus i mbeartas corparáideach an rialtais áitiúil in Éirinn anois[1].

Bhí caidreamh maith oibre ag an gComhairle Ealaíon agus ag an gCumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach le blianta fada. Cuireadh é sin ar bhonn níos foirmiúla nuair a cruthaíodh meicníocht le haghaidh cumarsáid rialta idir an dá chomhlacht in 2009 – an Grúpa Idirchaidrimh Bainistíochta. Tá sé aitheanta againn ar fad le blianta beaga anuas gur comhpháirtithe poiblí cothroma muid ó thaobh sholáthar agus fhorbairt na n-ealaíon. Mar shampla, sa tréimhse 10 mbliana 2005–2014 d'infheistíomar suim chomhiomlán de €1bn[2] sna healaíona. Mar sin féin, tá cumas i bhfad níos leithne inár gcomhpháirtíocht agus ba mhaith linn an bealach is fearr a aimsiú chun oibriú le chéile leis an méid is féidir linn a bhaint amach nuair a oibrímid le chéile a léiriú.

Tá deich mbliana fichead bailithe, agus creidimid anois go bhfuil gá lárnacht ár gcomhpháirtíochta straitéisí a athdheimhniú agus cuntas a thabhairt ar fhís chomhroinnte le haghaidh ré nua d'fhorbairt na n-ealaíon. Chuireamar an comhaontú seo le chéile lenár dtiomantais faoi seach d'fhorbairt na n-ealaíon a dhéanamh soiléir, agus, go háirithe, féachaimid le cothroime rochtana ar na healaíona agus rannpháirtíocht sna healaíona a bhaint amach dóibh siúd ar fad atá ina gcónaí in Éirinn.

1 Iarrtar ar údaráis áitiúla in Éirinn pleananna a ullmhú agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt na n-ealaíon laistigh dá réimsí feidhme, faoi théarmaí an Achta Ealaíon, 2003.

2 Ó shonraí a bhailíonn an Chomhairle Ealaíon gach bliain. 2005–2014 B'ionann maoiniú na Comhairle Ealaíon do na healaíona agus €623m ar an iomlán, agus b'ionann figiúirí caiteachais na n-údarás áitiúil ar na healaíona agus €386m ar an iomlán.

Highlanes Gallery, Droichead Átha.
Grianghrafadóir: Jenny Matthews

Ráiteas Comhchuspóra

Tá an Chomhairle Ealaíon agus an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach meáite ar oibriú le chéile i gcomhpháirtíocht, chun na healaíona a chur chun cinn agus a fhorbairt, agus sin a dhéanamh ar bhealach comhtháite. Creidimid má oibrímid le chéile ar bhealach níos stuama go mbeimid in ann na healaíona a neartú, rannpháirtíocht an phobail sna healaíona a fheabhsú, agus bonneagar ealaíon bríomhar a bhaint amach agus a choinneáil.

Aithnímid neamhspleáchas na bpáirtithe sa chomhaontú seo agus an ról faoi leith atá ag gach aon dream againn, mar atá sainithe sa reachtaíocht agus a fhorbraítear i straitéisí.

Is í an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as na healaíona in Éirinn a fhorbairt, a chur chun cinn, agus a mhaoiniú. Is iad príomhfheidhmeanna na Comhairle Ealaíon faoin Acht Ealaíon, 2003 spéis an phobail sna healaíona a spreagadh; eolas agus léirthuiscint i leith na n-ealaíon, agus cleachtadh na n-ealaíon a chur chun cinn; cabhrú le caighdeáin sna healaíona a fheabhsú; agus comhairle i dtaobh na n-ealaíon a chur ar an Aire agus ar chomhlachtaí eile rialtais. Tá dhá thosaíocht beartais ag an gComhairle Ealaíon: An tEalaíontóir agus Rannpháirtíocht an Phobail. Faigheann a cuid infheistíochta agus na gníomhaíochtaí eile a dhéanann sí chun tacú leis na healaíona treoir ó dhá phríomhsprioc: (i) go dtacaítear le healaíontóirí le saothar sármhaith a chruthú a mbaintear taitneamh as agus atá luachmhar; agus (ii) go mbainfidh níos mó daoine sult as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán.

Is comhlacht tofa é an Rialtas Áitiúil agus dlúthchaidreamh aige leis an duine agus leis an áit. Astu féin tá údaráis áitiúla freagrach as forbairt a gcuid limistéir riaracháin mar áiteanna bríomhara ar féidir le daoine maireachtáil, oibriú agus infheistiú iontu. Is léir an tionchar a bhí ag na healaíona thar thrí cholún na forbartha áitiúla; cultúr, pobal agus an geilleagar. Mar bhonn agus mar thaca ag infheistíocht an rialtais áitiúil sna healaíona tá an cumas bunúsach sin atá acu rannchuidiú leis na trí réimse forbartha sin.

Aithnímid freisin gur iomaí prionsabal agus luach atá comónta eadrainn, maidir le forbairt na n-ealaíon, ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Dearbhphrionsabal lárnach dár bhfís chomhroinnte d'fhorbairt na n-ealaíon is ea an saoránach agus an ceart atá aige/aici sult a bhaint as na healaíona agus a bheith rannpháirteach iontu. Creidimid go léir go mbaineann ***luach bunúsach*** leis na healaíona agus leis an gcultúr i saol daoine agus aithnímid an rannchuidiú tábhachtach faoi leith a thugann ealaíontóirí agus na healaíona don tsochaí. Creidimid go rannchuidíonn na healaíona go díreach, toisc go gcuimsítear éagsúlacht mhór d'eispéireas an duine iontu ar bhealaí éagsúla, chun pobail dhaingne agus inbhuanaithe a thógáil agus chun cáilíocht na beatha a fheabhsú. Creidimid freisin go bhfuil na healaíona in ann rannchuidiú go gníomhach le forbairt eacnamaíoch go háitiúil, bíodh sé i dtéarmaí infheistíocht isteach a mhealladh, deiseanna le haghaidh na turasóireachta cultúrtha a fheabhsú, nó trí thacú leis an tionscal cruthaitheach dúchasach. Thar aon ní eile, creidimid go bhfeiceann fíorshochaí shibhialta fiúntas na n-ealaíon agus go spreagann sí léiriú ealaíonta agus cultúrtha le forbairt sa réimse príobháideach, i suíomhanna pobail agus sa réimse poiblí i gcoitinne ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon.

Neartóimid na healaíona in Éirinn, ar mhaithe le muintir na tíre ar fad má bhíonn comhpháirtíocht mheasúil idir an Chomhairle Ealaíon agus an rialtas áitiúil, agus cur chuige comhroinnte nuair is iomchuí, maidir le hinfheistíocht agus forbairt.

The Still Point of the Turning World le Chris Droney / Maria Kerin / Eleanor Feely
Comhairle Contæ an Chláir – Béal an Chloga, Co. an Chláir. Grianghrafadóir: Michael Walsh

Spriocanna an Chomhaontaithe seo

- Caidreamh oibre níos dlúithe agus níos éifeachtaí a bhaint amach idir an Chomhairle Ealaíon agus an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach.
- Creat uileghabhálach luachanna, prionsabal agus tosaíochtaí straitéiseacha a sholáthar a threoróidh cruthú comhaontuithe aonair idir an Chomhairle Ealaíon agus údaráis áitiúla ar fud na tíre.
- Tionchar comhchoiteann a imirt ar bheartas náisiúnta maidir leis na healaíona agus le cultúr agus clár oibre comhroinnte a chur chun cinn le forbairt in éineacht le ranna agus le gníomhaireachtaí ábhartha an rialtais.
- Cúis uilíoch a leagan síos ionas go leanfar agus go gcothófar infheistíocht phoiblí sna healaíona mar chuid lárnach d'fhorbairt chultúrtha, shóisialta agus gheilleagrach ar bhonn áitiúil.
- Leibhéal na rannpháirtíochta poiblí sna healaíona a mhéadú ar fud na tíre, ar bhealach a bheidh le feiceáil go soiléir.
- Deiseanna agus tacaíochtaí d'ealaíontóirí agus dóibh siúd a oibríonn sna healaíona a fheabhsú.
- Barr feabhais a chur ar ár n-infheistíocht chomhroinnte sna healaíona ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus a chinntiú go bhfuilimid ag cur acmhainní ag obair ar an mbealach is cothroime agus is éifeachtaí.
- Comhtháthú éifeachtach a dhéanamh ar phríomhphrionsabail an chomhaontaithe seo i straitéisí pleanála agus forbartha na Comhairle Ealaíon agus na n-údarás áitiúil amach anseo.

Daltaí ag Scoil Náisiúnta St. Peter Apostle, Ceardlann Oideachas Ceoil Seirbhís Ealaíon Contæ Átha Cliath Theas. Grianghrafadóir: Miranda

Prionsabail

Beidh sraith choiteann prionsabal mar bhonn agus mar threoir ag ár gcomhoibriú ag gach tráth. Áirítear tiomantas iontu sin chun iad seo a leanas a chinntiú:

- Rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu do gach duine agus an diongbháilteacht lena chinntiú go dtéann na torthaí ó infheistíocht phoiblí sna healaíona chun sochar an oiread daoine agus is féidir.
- Meas ar shaothar ealaíontóirí, a léiríonn an t-am i láthair, a chuireann lenár dtuiscint ar an am a caitheadh, agus a spreagann ár bhfís don am atá le teacht.
- Éagsúlacht na gcomhthéacsanna agus na gcineálacha rannpháirtíochta as a gcomhdhéantar rannpháirtíocht an phobail, go háirithe éagsúlacht chultúrtha agus shóisialta.
- Caighdeán an tsoláthair – a shainítear go hiomchuí de réir comhthéacs – ionas go mbaintear amach na torthaí ealaíonta is fearr laistigh de na comhthéacsanna níos leithne de luach cultúrtha agus den leas coiteann.

Ag Obair le Chéile

Treoróidh sraith eile luachanna ár n-iompar nuair a oibrímid le chéile:

- An tuairim go mbeimid níos éifeachtaí má oibrímid le chéile
- Éiteas seirbhíse poiblí a bhfuil an saoránach ina chroílár
- Tiomantas do thrédhearcacht agus do chuntasacht
- Tiomantas do chumarsáid rialta, oscailte agus uilechuimsitheach
- Meas a bheith ag an dá dhream ar shaindualgais agus ar mhisin shonracha, ach fhorluiteacha, gach aon pháirtí sa chomhaontú i dtaca le forbairt agus le tacaíocht na n-ealaíon

Rinneamar an comhaontú d'fhonn ár dtiomantais faoi seach d'fhorbairt na n-ealaíon a dhéanamh soiléir agus, go háirithe, féachaimid le cothroime rochtana ar na healaíona agus rannpháirtíocht sna healaíona a bhaint amach dóibh siúd ar fad atá ina gcónaí in Éirinn.

LUXe, Féile Ealaíon na hEaragaile – Árainn Mhór, Dún na nGall
Grianghrafadóir: Reg Gordon

Téarmaí Tagartha an Chomhaontaithe seo

Téarma

Tá an comhaontú ann mar thiomantas d'obair chomhoibritheach i dtrí thimthriall 3 bliana thar thréimhse deich mbliana, ag tosú in 2016. Forbrófar pleananna trí bliana faoi choimirce an chomhaontaithe seo d'fhonn éifeacht a thabhairt do líon teoranta gníomhaíochtaí straitéiseacha i ngach timthriall 3 bliana. Beidh an chéad phlean gníomhaíochta dá leithéid i bhfeidhm sna blianta 2016-2018 agus an dá bhliain sin san áireamh. Déanfar athbhreithniú iomlán ar an gcomhpháirtíocht agus ar an gcomhaontú sa bhliain deiridh (2025).

An Próiseas

Roghnóidh an Grúpa Idirchaidrimh Bainistíochta na gníomhaíochtaí straitéiseacha a bheidh le déanamh sa chéad timthriall 3 bliana agus ina dhiaidh sin. Ceadófar iad sin laistigh de phrótacail rialachais ár ngníomhaireachtaí faoi seach, feidhmeannas an Chumainn Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach agus an Chomhairle Ealaíon. Tabharfaidh an Grúpa Oibre faoi na gníomhaíochtaí ansin de réir mar a ordóidh an Grúpa Idirchaidrimh Bainistíochta dó agus ceapfaidh sé agus cuirfidh sé pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm chun dul i ngleic leo. Beidh na cláir trí bliana sin faoi réir monatóireachta agus athbhreithniú, lena chinntiú go mbainfear ár gcomhspriocanna agus ár dtorthaí inmhianaithe amach.

Tabharfar tuairisc rialta don Ghrúpa Idirchaidrimh Bainistíochta maidir leis an dul chun cinn ar na cláir oibre agus do na gníomhaireachtaí faoi seach dá réir sin.

Róil & Freagrachtaí

Tá na struchtúir seo aontaithe ag na páirtithe sa chomhaontú seo d'fhonn ár gcomhpháirtíocht faoin gcomhaontú seo a bhrú chun cinn.

An Grúpa Idirchaidrimh Bainistíochta

Tá ionadaithe ó Fheidhmeannas Bainistíochta Sinsearaí na Comhairle Ealaíon ar an nGrúpa Idirchaidrimh Bainistíochta, agus ainmnithe ó Fhochoistí Tithíochta, Sóisialta & Pobail agus ó Fhochoistí Geilleagracha, Turasóireachta agus Forbartha an Chumainn Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach. Tá an Grúpa Idirchaidrimh Bainistíocht freagrach as an gcomhoibriú seo a stiúradh agus as tosaíochtaí straitéiseacha a chomhaontú.

An Grúpa Oibre

Tá ionadaithe as feidhmeannas na Comhairle Ealaíon agus ainmnithe an Chumainn Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach sa Ghrúpa Oibre, lena n-áirítear Stiúrthóirí Seirbhísí agus Oifigigh Ealaíon. Tá an Grúpa Oibre freagrach as sraith gníomhaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag eascairt as na tosaíochtaí a chomhaontaíonn an dá pháirtí. Tugann an grúpa sin tuairisc don Ghrúpa Idirchaidrimh Bainistíochta.

Féadfar ballraíocht an Ghrúpa Idirchaidrimh Bainistíochta agus an Ghrúpa Oibre a athrú i rith an chomhaontaithe seo.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú leanúnach ar dhul chun cinn na hoibre faoi gach plean trí bliana. Ag deireadh gach timthrialla trí bliana beidh athbhreithniú cuimsitheach ar thionchar an chomhaontaithe mar bhunús ag forbairt an phlean ina dhiaidh sin.

Déanfar athbhreithniú iomlán agus neamhspleách ar an gcomhpháirtíocht agus ar an gcomhaontú sa bhliain deiridh (2025).

Cirque Mandingue, Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí, Féile Lárshamhraidh Chorcaí
Íomhá chreidiúna: Provision

Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

Íomhá an chlúdaigh: **Cóipcheart íomhá Rhona Byrne ón Umbrella Project le Rhona Byrne, arna coimisiúnú ag Fire Station Artists' Studios agus le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**